Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4648

19.7.2024

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Iúil 2024

## lena gceaptar triúr ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia

(C/2024/4648)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(1) de,

Ag féachaint do na hainmniúcháin a chuir an Pholainn, an tSlóvaic agus an Spáinn faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé ríthábhachtach neamhspleáchas, ardchaighdeáin eolaíocha, trédhearcacht agus éifeachtúlacht an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) a áirithiú. Ina theannta sin, tá sé fíor-riachtanach comhar EFSA leis na Ballstáit a áirithiú.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, cuirtear de cheangal ar gach Ballstát comhalta agus comhalta malartach a ainmniú mar ionadaithe dóibh ar Bhord Bainistíochta EFSA. Ceapann an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna n-ainmniú mar sin go ceann tréimhse 4 bliana, ar tréimhse í a fhéadfar a athnuachan, agus beidh ceart vótála acu.

(3) Cheap an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh uaidh an 7 Aibreán 2022 ([2]), ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta EFSA don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

(4) I litir dar dáta an 4 Nollaig 2023, cuireadh in iúl do EFSA gur éirigh Zuzana NOUZOVSKÁ, comhalta na Slóvaice, as oifig.

(5) I litir dar dáta an 11 Márta 2024, cuireadh in iúl do EFSA gur éirigh Ana RODRÍGUEZ CASTAÑO, comhalta malartach na Spáinne, as oifig.

(6) I litir dar dáta an 4 Meitheamh 2024, cuireadh in iúl do EFSA gur éirigh Katarzyna STOŚ, comhalta na Polainne, as oifig.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, triúr ionadaithe nua a cheapadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaithe faoi seach.

(8) Tá taithí agus saineolas forleathan, ábhartha ag na hionadaithe arna n-ainmniú ag an bPolainn, an tSlóvaic agus an Spáinn i réimse dhlí agus bheartas an bhiashlabhra, lena n-áirítear measúnú riosca, agus i réimsí ábhar bainistíochta, riaracháin, airgeadais agus dlí chomh maith. Dá bhrí sin, lena gceapacháin, baintear amach i mBord Bainistíochta EFSA na caighdeáin is airde inniúlachta agus an raon is leithne taithí ábhartha atá ar fáil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas mar chomhaltaí de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia go dtí an 30 Meitheamh 2026:

— Janusz CIOK (an Pholainn),

— Martin CHUDÝ (an tSlóvaic).

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

([2]) Cinneadh ón gComhairle an 7 Aibreán 2022 lena gceaptar ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (IO C 159, 12.4.2022, lch. 6).

*Airteagal 2*

Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas mar chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia go dtí an 30 Meitheamh 2026:

— Pedro GULLÓN (an Spáinn).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Iúil 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY I.